C/2025/3583

30.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12046 — EEP / ARA / STONEPEAK / JET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3583)

1. An 19 Meitheamh 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Energy Equation Partners Limited ('EEP', Geirsí),

— Ara Advisers, LLC ('Ara Partners', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú Ara Partners Group, LLC ('Ara Partners Group', na Stáit Aontaithe),

— Stonepeak Partners LP ('Stonepeak', na Stáit Aontaithe),

— JET Tankstellen Deutschland GmbH ('JET', an Ghearmáin), atá faoi rialú Phillips 66 Company (na Stáit Aontaithe) faoi láthair.

Gheobhaidh EEP, Ara Partners agus Stonepeak rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar JET.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta speisialaithe fuinnimh é EEP a bhfuil speisialtóireacht aige in infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní sna hearnálacha fuinnimh agus bonneagair gaolmhara agus iad a bhainistiú,

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh agus bonneagair é ARA Partners a bhfuil speisialtóireacht aige in infheistíochtaí dícharbónaithe tionsclaíocha i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip,

— Is gnólacht infheistíochta malartach domhanda é Stonepeak a bhfuil speisialtóireacht aige i mbonneagar agus i sócmhainní réadacha,

— Is gnólacht miondíola breosla agus neamhbhreosla agus an phunann luchtaithe feithiclí leictreacha é JET, den bhranda líonra miondíola tosaigh 'JET' sa Ghearmáin agus san Ostair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12046 — EEP / ARA / STONEPEAK / JET

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË